



**Eisiúint Nuachta**

**7th Aibreán 2009**

**Beidh caiteachas Leasa Shóisialaigh  
20% níos mó ná mar a bhí i 2008**

**Sheachain an Rialtas gearradh ginearálta rátaí seachtainiúla íocaíochtaí  
Leasa Shóisialaigh - Hanafin**

Trí beagnach €21.3 billiún a sholáthar do leas sóisialach – 20% níos mó ná caiteachas 2008 – chinntigh an Rialtas go mbeidh tacaíocht ioncaim ar fáil ag daoine ina gátar sin agus sheachain gearradh ginearálta rátaí seachtainiúla íocaíochtaí leasa shóisialaigh.

De réir an Aire Hanafin, **“is é is fócas do na bearta leasa shóisialaigh a fógraíodh inniu ná cabhrú le daoine oideachas, oiliúint agus taithe oibre a fháil.”**

**“Beidh teacht ag daoine i bhfad níos luaithe anois ar na scéimeanna ar ais chun oideachais agus ar ais ag obair. Tá clár nua socrúcháin do chéimithe á fhorbairt againn i gcomhar leis an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta. Ina theannta sin, tá tionscnamh nua á chur ar bun againn chun lucht cuardaigh fostaíochta in aois a 18 agus a 19 bliain a spreagadh chun leas a bhaint as deiseanna oideachais agus oiliúna lena scileanna a fheabhsú, mar iarracht ar iad a dhíonadh ar an riosca atá ann go mbeidis ag brath ar leas sóisialach fadtréimhseach óna n-óige,”** a dúirt sí.



## **An Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh**

Mar seo a labhair an tAire Hanafin, mar mhíniú, **“agus buiséad dár luach beagnach 21.3 billiún mar chomhthéacs, coinníodh coigiltí ar an leibhéal is lú is féidir ag €300 milliún i 2009 agus ag €400 milliún i 2010. Bainfear na coigiltí sin amach trí ghéarú ar an ngníomhaíocht frithchialaoise, trí gan bónas na Nollag a íoc, trí athruithe ar an scéim um fhorlíonadh cíosa agus trí ráta níos lú a thabhairt isteach maidir leis an Liúntas do Lucht Cuardaigh Fostaíochta do dhaoine faoi aois 20 bliain.”**

Dúirt an tAire gur cinneadh fíordheacair don Rialtas a bhí ann gan bónas na Nollag a íoc, ach go raibh sé sin riachtanach chun nach ngearrfaí siar ar na rátaí ar fad a bhaineann le híocaíochtaí leasa shóisialaigh ar leibhéal inacmhainne ag an Rialtas.

Críoch

7th Aibreán 2009



## **MIONSONRAÍ CÁINAISNÉISE LEASA SHÓISIALAIGH**

### **Caiteachas Iomlán Beagnach €21.3 Billiún**

- Tá beagnach €21.3 billiún á sholáthar anois i gcomhair seirbhísí leasa shóisialaigh i 2009. Is ionann sin agus méadú €1.7 billiún, nó 8.7%, ar an luach a soláthraíodh chuige sin i gcomhair na bliana seo sa Cháinainéis roimhe seo, agus tá sé €3.6 billiún nó thart faoi 20% níos airde ná an tsuim a caitheadh le fírinne i 2008.
- I ndiaidh na Cáinainéise seo, meastar go mbeidh an caiteachas comhlán leasa shóisialaigh ina 29% de chaiteachas comhlán an Rialtais i 2009.
- Airgead ar iasacht as an áireamh, meastar go mbeidh caiteachas leasa shóisialaigh ina 60% den ioncam reatha as an Státchiste agus as foinsí eile lena bhfuil súil.
- Beidh an cuid is mó den chaiteachas sin ag teastáil chun tacaíocht ioncaim a sholáthar dóibh siúd atá á gcur as obair anois, a bhfuil ag méadú ar a líon.
- I gCáinainéis Dheireadh Fómhair, rinneadh soláthar maidir leis an gcaiteachas breise a mheastar a bhainfidh le clár beo dífhostaíochta 290,000 ar an meán i 2009. Ciallaíonn méid na méaduithe ar an dífhostaíocht a tharla le míonna beaga anuas gur dóichí gurbh é 440,000 líon na ndaoine dífhostaithe, rud a bhfuil soláthar á dhéanamh anois dó, ar luach €1.97 billiún de chostas breise. Cuirfear coigiltí dár luach €300 milliún mar chúiteamh páirteach ina choinne sin.



## **An Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh**

### **Leasuithe ar an Scéim Ar Ais Chun Oideachais**

Tugann an Scéim Ar Ais Chun Oideachais deis do lucht cuardaigh fostaíochta a cháilíonn di filleadh ar oideachas gan a n-íocaíocht leasa shóisialaigh a chailliúint. Seo leanas na leasuithe atá á ndéanamh:

- Beidh an Liúntas Ar Ais Chun Oideachais fáil ag lucht cuardaigh oibre atá éirithe as an oideacha foirmeálta ar feadh dhá bhliain ar a laghad, i gcás go mbíonn Liúntas/Sochar Lucht Cuardaigh Fostaíochta á fháil acu ar feadh 3 mí ar a laghad (sin gearradh siar ar an tréimhse 6 mí a bhí i gceist roimhe seo).
- Beidh fáil níos luaithe acu ar an scéim triú leibhéal Ar Ais Chun Oideachais. Faoi láthair, tá ceangal ginearálta ar dhaoine íocaíocht do lucht cuardaigh fostaíochta a bheith á fáil acu ar feadh 12 mí roimh dhul isteach sa scéim sin dóibh. Is féidir leo an scéim a rochtain tar éis 9 mí ar mholadh ó Oifigeach Fostaíochta de chuid FÁS. Tá an córas sin á leathnú anois, ionas gur féidir leo í a rochtain tar éis 9 mí, ar mholadh ó Éascaitheoir sa Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh.



## **An Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh**

### **Leasuithe ar Scéimeanna Ar Ais Ag Obair chun an Fócas a Aistriú go dtí Cabhrú le Daoine Féinfhostaíocht a Chrúthú**

- Mar fhreagra éifeachtach maidir le líon na ndaoine ar an gClár Beo dífhostaíochta agus le próifíl athraithe lucht cuardaigh fostaíochta i gcoitinne, glacadh cinneadh fócas na n-acmhainní reatha a aistriú ó na Scéimeanna Ar Ais Ag Obair go dtí cabhrú le daoine dul i mbun na féinfhostaíochta. Táthar ag súil go mbeidh sé sin mar thaca le fiontair a chruthóidh tuilleadh fostaíochta amach anseo, ar ndóigh.
- Chuige sin, druidfear snáithe an fhostaí den Liúntas Ar Ais Ag Obair i gcomhair iarrthóirí nua agus gearrfar an t-achar ama a mhairfidh an scéim Fiontraíochta siar ó suas le 4 bliain go dtí suas le 2 bliain. Úsáidfear na hacmhainní sin mar thaca le leasuithe suntasacha ar an Liúntas Ar Ais Ag Obair (BTWEA).
- I láthair na huaire, caithfidh daoine íocaíocht do lucht cuardaigh a bheith á fáil acu ar feadh 24 chun cáiliú do Liúntas Ar Ais Ag Obair. Beidh fáil acu air i bhfad níos luaithe anois, faoi dhá scéim BTWEA ar leithligh:
  - Daoine atá i dteideal Sochar Lucht Cuardaigh Fostaíochta a fháil agus ar deonaíodh iomarcaíocht reachtúil dóibh nó a bhí fostaíochta mar fhostaithe ag íoc ranníocaíochtaí ÁSPC ar an lánráta ar feadh dhá bhliain ar a laghad sular éiligh siad Sochar Lucht Cuardaigh Fostaíochta, beidh rochtain acu láithreach ar Scéim Liúntas Ar Ais Ag Obair níos girre. Beidh an scéim nua seo iníoctha don tréimhse ar fad lena mbaineann a dteideal chun Sochar Lucht Cuardaigh Fostaíochta le linn dóibh fiontair dá gcuid féin a bhunú (e.g., do thréimhse uasta 9 nó 12 mí).



## **An Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh**

- Tá feabhas á chur ar bhealaí rochtana scéim ghinearálta BTWEA. Beidh BTWEA le fáil tar éis 12 mí (seachas 24 mí) acu siúd atá cheana féin i dteideal Liúntas Lucht Cuardaigh Fostaíochta.
- Tá gnéithe solúbtha eile á dtabhairt isteach sa scéim, ar a n-áirítear ligint do dhaoine a bhain leas as scéim BTWEA cheana agus a d'ídigh a dteideal chun a bheith rannpháirteach sa scéim an athuir tar éis 5 tréimhse bliain ar a laghad.

Is é is cuspóir do na socruithe seo i gcoitinne ná cabhrú leo siúd a bhíonn ar an gClár Beo dífhostaíochta gnó a bhunú láithreach bonn tar éis a ndifhostaithe, rud a chinnteoidh go mbainfear an leas is mó is féidir as a n-eolas, a scileanna agus a saineolas chomh luath agus is féidir agus a chuirfidh fiontraíocht agus fostaíocht chun cinn sa gheilleagar.

### **Scéim Nua um Shocrúchán Céimithe:**

Tá an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh agus an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta ag obair as lámha a chéile chun scéim nua a fhorbairt maidir le socrúcháin do chéimithe. Is é atá á bheartú leis sin ná ligint do chéimithe a dteideal leasa shóisialaigh a choimeád le linn dóibh taithí oibre a fháil.



## **An Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh**

### **Díriú ar Choigiltí €286 Milliún i 2009 agus €374 Milliún i 2010:**

- Bhí sé mar thosaíocht againn an tsuim airgid is mó arbh fhéidir linn a choigilt trí ghearradh siar ar líon na dteagmhas a bhaineann le calaois leasa shóisialaigh. Táthar ag súil le coigiltí smachtaithe/calaoise dár luach €82 milliún i 2009 agus €125 milliún i 2010, ag eascirt as imscrúdú níos mó ar dhaoine ag fáil íocaíochtaí Lucht Cuardaigh Fostaíochta agus as na bearta atá curtha in áit chun cosc a chur ar dhaoine Sochar Linbh a fháil tar éis dóibh an Stát a fhágaint.
- Chun nár ghá gearradh siar ar na rátaí seachtainiúla na n-íocaíochtaí leasa shóisialaigh ar fad agus an ciste leasa shóisialaigh a choimeád ar leibhéal inacmhainne ag an Stát, ba ghá deireadh a chur le maoiniú don bhónas Nollag a íoctar de ghnáth le faighteoirí áirithe leasa shóisialaigh. Coigleofar €156 milliún i 2009 dá bharr sin agus €171 milliún i 2010.
- Tá athruithe á gcur i bhfeidhm ar an scéim um Fhorlíonadh Cíos a chun coigilt €50 milliún a fháil i 2009 agus €78 milliún i 2010.
  - Tá teideal á shrianadh anois go dtí daoine atá ina dtionóntaithe reatha ar feadh sé mhí ar a laghad nó ar chuir údarás áitiúil ar scuaine tithíochta iad, i ndiaidh don údarás sin measúnú cuimsitheach tithíochta a dhéanamh. Tá an beart seo dírithe ar tabhairt ar dhaoine gan bogadh go cóiríocht phríobháideach ar cíos díreach toisc go mbíonn Forlíonadh Cíos a fháil.
  - Tá an ranníocaíocht íosta is gá do dhaoine a fhaigheann Forlíonadh Cíos agus Morgáiste a íoc á ardú ó €18 sa tseachtain go €24. (Tabharfaidh sé sin ranníocaíochtaí um fhorlíonadh cíos go dtí suimeanna níos cóngaraí do chíosanna difreálacha na n-údarás áitiúla).



## **An Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh**

- Tá laghdú á dhéanamh ar na huasteorainneacha cíosa d'íocaíochtaí nua um Fhorlíonadh Cíosa, ag teacht le leibhéal níos lu cíosanna príobháideacha le roinnt míonna anuas. Idir 6% agus 7% ar an meán a bheidh na laghduithe sin, ag brath ar an gceantar agus ar an líon teaghlaigh.
- Chun tiarnaí talún tionóntaithe reatha le forlíonadh cíosa a gcuid cíosanna a laghdú, ag teacht leis an laghdú sa mhargadh i gcoitinne, tá laghdú 8% á dhéanamh ar na híocaíochtaí a thugtar do thionóntaithe anois. Cé go bhfuil ceangal conartha ar na tionóntaithe na cíosanna a aontaíodh ina léasanna a íoc, táthar ag súil go laghdóidh na tiarnaí talún an cíos, toisc go dtuigeann siad go bhfuil titim tagtha ar chíosanna i gcoitinne agus go bhfuil lear mór áitreabh ar cíos fágtha folamh gan tionóntaithe timpeall na tíre anois.
- **Nuair a chuirtear na hathruithe sin leis an laghdú ar an ráta íocaíochta i gcomhair éilitheoirí nua Liúntas Lucht Cuardaigh Fostaíochta in aois a 18 agus a 19 bliain, táthar ag súil le coigilt i gcoitinne €300 milliún i 2009 agus €400 milliún i 2010.**





**LAGHDÚ AR AN RÁTA DON LIÚNTAS LUCHT CUARDAIGH FOSTAÍOCHTA I  
gCOMHAIR ÉILITHEOIRÍ NUA IN AOIS A 18 AGUS A 19**

**Moladh sa Cháinainnéise**

- Chun lucht cuardaigh fostaíochta in aois a 18 agus a 19 a spreagadh chun leas a bhaint as deiseanna oideachais agus oiliúna agus mar iarracht ar iad a dhíonadh ar an riosca atá ann go mbeidis ag brath ar leas sóisialach fadtréimhseach óna n-óige amach, tá an Liúntas do Lucht Cuardaigh Fostaíochta á athrú.
- Tá an ráta den Liúntas do Lucht Cuardaigh Fostaíochta a íocfar d'éilitheoirí nua faoi aois 20 á laghdú ó €204.30 sa tseachtain go €100 sa tseachtain, athrú a bheidh i bhfeidhm ón chéad seachtain de Mhí na Bealtaine 2009 amach.
- Nuair a bhfainfidh daoine ar an ráta laghdaithe den Liúntas Lucht Cuardaigh Fostaíochta aois 20 amach, beidh siad i dteideal é a fháil ar an ráta iomlán, i gcás go mbíonn siad fós cáilithe do Liúntas Lucht Cuardaigh Fostaíochta.
- Íocfar an lánráta den scéim ábhartha do dhaoine in aois a 18 agus a 19 más:
  - Rannpháirteach i gcúrsa lánaimseartha Youthreach do dhaoine óga a d'fhág an scoil roimh am nó i gcúrsa lánaimseartha in Ionad Oiliúna do Lucht Siúil Lánfhásta;
  - Daoine a cháilíonn don Liúntas Ar Ais Chun Oideachais toisc go bhfuil cúrsa lánaimseartha dara leibhéal á dhéanamh acu, nó cúrsa Iar-Ardteistiméireachta. (Chun cáiliú don Liúntas Ar Ais Chun Oideachais, ní mór do dhaoine a bheith dhá bhliain ar a laghad as córas foirmeálta oideachais agus íocaíocht BTEA á fáil acu ar feadh 3 mí ar a laghad); nó



## **An Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh**

- Rannpháirteach i gcursa lánaimseartha oiliúna FÁS.
- Is féidir leo rannpháirtíocht a ghlacadh i gcúrsa Iar-Ardteistiméireachta nó i gcúrsa tríú leibhéal ar an mbonn céanna le daoine óga eile agus b'fhéidir go gcáileodh siad do dheontas tríú leibhéal.

### **Líon Daoine i gCeist agus Coigiltí**

Líon beag daoine a bheidh i gceist ar dtúis, toisc nach gcuirfear an t-athrú i bhfeidhm ach ar éilitheoirí nua ón chéad seachtain de Mhí na Bealtaine. Méadófar a líon gach seachtain ina dhiaidh sin.

Bunaithe ar fhiigiúirí reatha agus ar an gclár beo dífhostaíochta mar a mheastar a bheidh ar an meán, measaimid go rachaidh an t-athrú i gcion ar 5,000 duine in aois a 18 agus a 19 gach seachtain mar mheán i 2009, ag ardú go dtí meán seachtainiúil 9,000 i 2010.

D'fhéadfadh na hathruithe sin suim €12 milliún a choigilt i 2009 agus €26 milliún i 2010. Má ghlacann líon mór daoine leis na deiseanna oideachais agus oiliúna, ní bheidh coigilt chomh mór sin ann sa ghearrthréimhse, ach bheifear ag súil le coigiltí suntasacha san fhadtréimhse as cabhrú le daoine óga spleáchas leasa shóisialaigh a sheachaint.

Tionchar ar Lánúineacha

- Laghdófar go €100 sa tseachtain an lánráta atá iníoctha le Duine Fásta Cáilithe (e.g. maidir le céile/páirtí).
  - Ciallóidh sé sin go bhfaighidh lánúin suim iomlán €200 sa tseachtain, síos ó €339.90 (má íoctar an phríomhíocaíocht do dhuine in aois a 18 nó a 19).



**Daoine NACH mBEIDH Tionchar ag na hAthruithe Orthu:**

- **Daoine óga le leanaí cleithiúnacha.**
  - Geobhaidh éilitheoirí a bhfuil leanaí acu ach nach bhfuil duine fásta cáilithe (e.g. céile/páirtí) acu an íocaíocht chéanna le duine thar 20, i.e., €204.30 móide €26 in aghaidh an linbh. (Tá 79 cás reatha mar sin ann.)
  - Geobhaidh éilitheoirí bhfuil leanaí agus duine fásta cáilithe acu an íocaíocht chéanna le duine thar 20, e.g., an lánráta den Liúntas Lucht Cuardaigh Fostaíochta agus íocaíocht do leanbh cáilithe. (Thart faoi 200 cás mar sin atá anois ann).
- **Daoine in aois a 18 agus a 19 bliain a cháilíonn do Shochar Lucht Cuardaigh Fostaíochta.** Daoine óga a cháilíonn do Shochar Lucht Cuardaigh Fostaíochta de bhun a ndóthain ranníocaíochtaí ÁSPC a bheith íochta acu (ba mhionlach iad agus bheadh an móramh ag cur isteach ar Liúntas do Lucht Cuardaigh Fostaíochta).
- **Daoine ag aistriú go Liúntas Lucht Cuardaigh Fostaíochta díreach tar éis dá dteideal chun Sochar Lucht Cuardaigh Fostaíochta a ídiú, nó má aistríonn siad díreach ó Liúntas Míchumais go Liúntas Lucht Cuardaigh Fostaíochta** (a sheachnóidh, dá bharr sin, titim mhór ar a n-ioncam).
- **I gcás go bhfaigheann éilitheoir reatha Liúntas Lucht Cuardaigh Fostaíochta post agus a fhágann an córas sin dá bharr,** ach a chailleann an post sin taobh istigh de 12 mí agus iad ar ais ar an Liúntas Lucht Cuardaigh ansin, gheobhaidh siad €204.30 in aghaidh na seachtaine, seachas €100. Mura ndéanfar é sin, ba bheag an spreagadh a bheadh ag duine ar Liúntas Lucht Cuardaigh Fostaíochta glacadh le tairiscintí oibre.



## **An Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh**

- **Ar fhágáil cúram FSS.** Ní bheidh daoine a fhágfaidh cúram FSS ag aois 18, mar shampla daoine i dtithe altramais nó in áiseanna cúraim FSS nó daoine a bhí faoi chúram FSS laistigh den 12 mhí dheireanach sular shroich siad aois a 18 i dteideal an Liúntais Chuardaitheora Poist laghdaithe.

### **Réasúnaíocht an Athraithe**

#### **Spreagadh chun Oideachais agus Oiliúna:**

- Má bhíonn duine 18 bliain d'aois ag fáil íocaíocht ar an lánráta do dhuine fásta, a fhágann an duine sin gan spreagadh láidir airgeadais dul i mbun an oideachais nó na hoiliúna, is féidir go gcóthódh sé sin spleáchas leasa shóisialaigh sa duine sin.
- Cé go raibh teacht ag go leor daoine óga gan mórán oideachais ar obair in earnáil na tógála agus in earnálacha eile nuair a bhí an geilleagar ag déanamh go maith, beidh sé i bhfad níos deacra dóibh obair a aimsiú sna blianta beaga amach anseo.
- Mura bhfeabhsaíonn siad a gcuid scileanna, beidh siad i bpriacal na dífhostaíochta fadtréimhsí óna n-óige amach.
- Meastar go mbaineann riosca níos mó leo ó thaobh obair a fháil ná le lucht cuardaigh fostaíochta ar bheagán scile ach le taithí éigin oibre, ar a laghad.
- Ar an ábhar sin, meastar go gá spreagadh láidir airgeadais a sholáthar do lucht cuardaigh fostaíochta idir 18 agus 19 bliain d'aois dul i mbun cúrsaí oideachais nó oiliúna, nó glacadh le hobair a ghnóthóidh níos mó ná €100 sa tseachtain.
- Ba cheart gur spreagadh mór do dhaoine in aois a 18 agus a 19 rannpháirtíocht a ghlacadh i gcúrsaí oideachais nó oiliúna mar chuid FÁS an lánráta ábhartha a fháil (e.g. liúntas oiliúna FÁS, ráta Fostaíochta Pobail,



## **An Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh**

Liúntas Ar Ais Chun Oideachais), seachas €100 de Liúntas Lucht Cuardaigh Fostaíochta.

- Ní ghearrfar siar na rátaí do dhaoine óga le leanaí cleithiúnacha.

### **Taithí an Tionscnaimh Phíolóitigh**

- Tá tionscnamh píolóiteach á reáchtáil i gCluain Dolcáin agus i Leitear Ceanainn anois ag FÁS i gcomhar leis an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh do gach duine idir 18 agus 19 bliain d'aois ag iarraidh síniú ar an gClár Beo dífhostaíochta den chéad uair. Seachas Liúntas Lucht Cuardaigh Fostaíochta a thabhairt dóibh, tugtar áit dóibh láithreach bonn ar chlár sé seachtainí a fhéachann le seans níos fearr dóibh obair a fháil agus as a dtugtar dóibh gnáthliúntas oiliúna FÁS (atá níos airde ná Liúntas Lucht Cuardaigh Fostaíochta). Ní bhfaigheann siad íocaíocht ar bith as a bheith as láthair.
- Nocht an t-aiseolas tosaigh iarrthóirí go leor nach raibh sásta rannpháirtíocht a ghlacadh sa chlár sin, ach a bhí sásta beagnach an t-airgead céanna a fháil gan freastal ar chúrsa agus a bhí míréireach agus deacair a ionramháil, dá bharr sin.
- Táthar ag dul i ngleic anois leis an easpa spreagadh airgeadais sina bhí mar bhac orthu go dtí seo, trí ráta laghdaithe Liúntas Cuardaigh Fostaíochta a thabhairt isteach i gcomhair daoine faoi bhun aois a 20.



## **An Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh**

### **Laghdú ar an mBearna idir Leibhéal Tacaíochta Ioncaim Lucht Cuardaigh Fostaíochta agus Tacaíocht do Mhic Léinn Lánaimseartha Ar Aon Aois**

#### **Leo:**

- Is den amhras an mbíonn gá le hioncam of €204.30 sa tseachtain ag daoine in aois a 18 agus a 19 gan leanaí cleithiúnacha ag brath orthu agus d'fhéadfaí a shuíomh nach féidir an difreálach sin idir ógánaigh ar lucht cuardaigh fostaíochta iad agus ógánaigh ar mic léinn tríú leibhéal a chosaint.
- Níl le fáil ar uasráta den deontas tríú leibhéal (an deontas breise san áireamh) a íoctar le daoine óga as na teaghlaigh is boichte a bhfuil áitreabh an teaghlaigh i gcóngar a gcoláiste) ach €2,680. €6,690 an tsuim uasta a bhíon le fáil ag daoine óga a chaithfidh cónaí as baile chun freastal ar a gcoláistí.
- Ciallaíonn an ráta reatha €204.30 sa tseachtain a íoctar mar Liúntas Lucht Cuardaigh Fostaíochta do dhaoine idir 18 agus 19 €10,624 sa bhliain, ach ciallaíonn an ráta laghdaithe €100 sa tseachtain €5200 sa bhliain, suim atá fós beagnach dhá oiread an deontas tríú leibhéal a íoctar do dhaoine nach mbíonn coláiste i gcóngar an bhaile acu, deontas breise san áireamh.